Ár dteanga fá ionsaí: b'í aidhm na Sacsanach tráth, deireadh do chur le Saol Gaedhealach, Catoiliceach in Éirinn agus fiú Protastúnaigh neamhiontaobhthado chur díobhtha

Ar saoire díbh in Éirinn, le béim curtha ar chultúr, chuideochaidh sé libh, smior na staire a fhoghlaim. Féach ar ár bhfíseán ar Ré Órga na Sibhialtachta Gaelaighe agus ár gcuid nascanna bríomhara leis an nGearmáin. Ba laethanta beannaithe iad – a bhain le laochra, onóir agus le deigh-mhéighinn charthanúil - go forleathan sa tír. Bhí deireadh le theacht leis an saol sin, ámh. Lig dúinn a insint díbh cén fáth go n-imíomar, na Gael, ar neamhní. Agus cén fáth go nglaoimid oraibh anois, ag leibhéal pearsanta, ár gcomhthuiscint d'athdhéanámh.

Do ráinig Oilibhéar Cromail go hÉirinn, sa bhliain 1649, lena Arm Nua Mionsamhlach agus a armra nua. Do b'í seo uair na cinniúna, an uair do ráinig an tús le deireadh Ord Ársa na nÉireannach. Níorbh amhlaidh gur dhúisigh Éirannaigh lá desna laethe agus iad ag spalpadh Béarla, ní ghéilfimis chomh héasca san. Caithfear scéal an athchultúraithe a insint agus dianseasamhacht an Ghaelachais a admháil, sna comhluadair Gaelachaibh a bhfuil fágtha.

I gceanntar iargulta, mar Cill Chomáin, choimeádamar go daingean lenar gcuid nósannaibh ársaibh. Ní féidir le héinne cur síos ar an gníomhú mór, stairiúil le Gearmáinigh, ar an dóigh chéanna agus is féidir linne. Le hoiread is trí mhíle bliain do mhaireamar ar scáth a chéile. Féach ar chosúlachtaí teangeolaíochta léirithe ar ár suíomh idirlín, is iad a thaispeáineas go simplí an nasc cultúrtha.

Sliocht as Léarscáil Chill Chomáin



Eine Heimat unseres Volkes. Ihres Volkes.

1] Paróiste Chill Chomáin (Eaglais na Naomh Chomáin)

Do mhair N. Comáin timpeall ar deireadh na 6ú aoise. Bhí sé de ghinealach uasal - den 7ú glún ó Niall

Naoi-Ghiallach agus sinsear Teach mór Uí Néill. Tá go leor sealbhóirí an ainm seo fós agus iad bródúil as an gcaoi inar chosain a gclann luachanna Gaelacha ón 6ú go dtí an 10ú haois.

Ní sheasann ach cuid d'aon bhall binne amháin, den tséipéal bunaidh N. Chomáin, nach féidir mórán a fhoghlaim fána stíl nó a aois. I gcearn in iarthuaisceart bhaile fearainn Pholl a' tSómáis feictear an tSean-reilig. Tá iarsmaí eile annsin fosta. Tá Tobar Naomhtha taobh le heaglais Chomáin. Sa tseanchas, deirtear go bhfuiul an Naomh curtha sa t-Sean-eaglais, i ngiorracht do shlí isteach sa t-Sean-reilig. 'Sé Lá 'le Chomáin an 18ú de Márta.

Cill Chomáin, Sean-reilig

Cill Chomáin, Sean-eaglais

Tá téacs i Laidin, **Cellchoman cum pertinentiis suis** (Cill Chomáin is na foirgnibh m.sh. a théas leis) le feiscint i liosta 1198 de thailte na hEaglaise. Ainmníodh an chuid ba mhó desna tailte seo mar pharóistí sna blianta dar gcionn.

Taispeántar teorainneacha Pharóiste Chill Chomáin, i gcuid den léarscáil thuastugtha, a théas siar go haimsear na nGael. Clúdaíonn siad go leor bailte fearann – a scríobhadh síos a teorainneacha i gcomhréir le Dlíthe na mBreithiúna.

2] An Seanteampall a bhfuil iarsmaí Chill a' Ghallagáin ann

'Sé Cill a' Ghallagáin ainm an bhaile fearann a ainmníodh in onóir dá phátrún, Naomh Gallagán. Deirtear gur thóg sé cill, i gcearn in oirthuaisceart reilg Chill Chomáin, thart ar an am a bhi N. Comán beo.



Marcáileann dumha mór de chloch agus cré anois an áit ina bhfuil sé curtha. Is beag an tagairt do Naomh Gallagán i litríocht Ghaelaighe, ach maireann a thábhacht mar Naomh agus mar phátrún ar

Tobar Beannaithe i mbéaloideas áitiúil ósna cianta.

Téann an leac cloiche, le hinscríbhinn de Chrois Mháltaighe, ar bharr an dumha ar ais go dtí an Tréimhse luath-Chríostaí. Thángthas ar chloch bullán (focal gaolmhar do 'bol' sa bhFrainncis) in aice láimhe. Deirtear go bhfuil, san uisce báistí a bhailítear sna bulláin, cumhact cneasaithe. Tá tábhacht Neoiliteach ag na bulláin, a frith chomh maith sa bhFrainnc, ar Oileán Gotland agus sa Liotuáin. Tá Tobair Beannaithe Ghallagáin suite in aice láimhe ar an taoibh eile de shruth, i mbaile fearainn Cheathrú na gCloch (.i. an Ceathrú Clochach).

Tógáladh balla timcheall na sean-reilige i 1892. Tá na huaigheanna is sine marcáilte ag clochaibh simplí, neamh-mhaisithe, lonnaithe ar fud an tulaigh, sa chúinne thoir-thuaidh. Le linn an Dara Cogadh Domhanda, ar a dtugtar **an Éigeandáil** uirthi in Éirinn, frith, ar feadh an chósta, corpán dhá mhairnéalach déag, a báitheadh an uair a chuaigh a n-Ú-bhád síos, a dtugadh adhlacadh cuí dóibh. Sna 1960í luatha, dí-adhlacadh corpáin na bhfear seo agus tugadh 'un a' mbhaile iad.

An áit inar adhlacadh N Gallagán (an Stróinséar Beag)

An Chrois Mhaltach

Gnás adhlactha Críostaí

Gné suimiúil san adhlacadh annseo leagan amach na n-uaigheanna. Luíonn corpáin soir ó thiar. Ach i bPoll a 'tSómais agus sna reiligí eile, luíonn siad siar ó thuaidh go soir ó dheas. Go traidisiúnta, chuireadh Críostaithe cónraí ins an uaigh, ceann an duine i dtreo an Iarthair agus na cosa i dtreo an Oirthir. Bhí siad curtha aghaidh suas. Nuair nach raibh sé praiticiúil an gnás seo do leanstain, ámh, leagadh i dtreo thuaidh-theas iad. Agus cuireadh ina luí ar a dtaoibh iad, an ceann i dtreo an Tuaistcirt, ag féachaint soir.

Baineann adhlacadh corpán i dtreo an Oirthir le Soiscéal N. Maitiú, ina deirtear "is mar a thagas an tintreach ón Oirthear, ag taitneamh go geal anuas ar an Iarthar, a thiocfas Mac Dé..." Is ghíomh ómósach é, iadsan atá imithe ar slí na fírinne do leagan amach i dtreo an Oirthir, lena thaisbeáint gur ag leathnú amach i gcónaí atá scéal na Chríostaíochta.

3] Séipéal Catoiliceach, an Léana Mór, Paróiste Chill Chomáin

Ag gabháil ar aghaidh dúinn go himeachtaí na mílaoise seo caite, tá inscríbhinn ar chloich (do thacaigh an t-AE lena hinstealladh) ag Muing na n-Uan, sa Léana Mór, mar a leanas:

"Tagann ainm Pharóiste Chill Chomáin ó Naomh Chomán, a ainmníodh séipéal ársa Chill Chomáin (i mBaile Fearainn Pholl a 'tSómais) ina dhéidh. Sula roinneadh é, sa naoiú aois déag, bhí Cill Chomáin ar cheann desna paróistí a ba mhó in Éirinn agus chlúdaigh sé an chuid ba mhó Bharúntacht Iorrais, mar a tugtar indiu air. Tá go leor tagairtí stairiúla do thábhacht an pharóiste."

Ranna talún (do Bharúin) iad na barúntachtaí a foirmíodh le linn choncas Túdarach na hÉireann sna bliantaibh 1530. Ghlac siad le ionaid luath-chríochadóireachtaí Normánacha. Go minic, do ghlac siad fosta leis an 'tríocha céad' bunaidh (aonaid talún a úsáideadh sa 11ú agus 12ú aois déag - a bhain leis an líon trúpaí a d'fhéadfaí a ardú). Bhris an Rí Túdarach, Anraí VIII, ón Róimh, i ngeall ar Dlíthe Cleamhnais. Roghnaigh sé Anglacánachas mar reiligiún oifigiúil i Sacsain. D'fhág na coigistithe Túdaracha, ámh, 90% den talamh sa tir seo i seilbh na nGael.

Thoir ón sruth, ag An Léana Mór, tá fothracha an tSéipéil ceann tuí, 44'x16 ', le haltóir cloiche ag an mbinn theas, a cuireadh suas c1770. In ainneoin beartais na nGall, a bhi dírithe ar deireadh a chur le 'pápaireacht' (Catoiliceachas), léadh Aifreann Naofa annseo go dtí c1825, nuair a tógadh Sean-eaglais Chríost an Rí, i **mBaile na hAchadh** (Aughoose).

Muing na n-Uan - Faisnéis snoite ar Chloich **Sean-eaglais ag Muing na n-Uan, An Léana Mór**

Ag breacadh an lae, gach maidin Domhnach Cásca, léadh Aifreann Naofa ag Muing na n-Uan, láthair mhór stairiúil. Tá sé suite ar talamh íseal a bhfuil fothain nádúrtha ann, a dtugtar **Pollán an Aifrinn** air. Comóradh suíomh an t-Séipéal ceann tuí seo ar léarscáil, i 1830. Cuireadh suas Eaglais nua Chríost an Rí in ionad an t-Sean-séipéil, ní ba dhéanaí, i mBaile na hAchadh chomh maith.

Is cuimhin le daoine áitiúla úsáid an t-Séipéil nuair a bhí **na Péindlíthe** i bhfeidhm. Cad ab iad na bPéindlíthe mar sin?

B'fhear ann féin an t-Éireannach Edmund Burke, de shliocht Normánach, a ghlac a theaghlach le riail Shacsana, mar Phrotastúnaigh. Bhí sé ina bhall de pharlaimint Shacsana, i lár na 1700í. Adúirt sé mar gheall ar na Péindlíthe, gur "inneall chomh holc sin, de chleasaíocht chiallmhar, ilchasta é, cumtha le haghaidh bochtú, díghrádú na ndaoine agus cos ar bolg a choimeád ortha, agus le truailliu an nádúir daonna féin iontu, is a d'eascraigh ariamh ó chlisteacht chlaonta an duine". Ritheadh na Péindlíthe in Éirinn ó 1691 go 1760. Chlúdaigh cuid desna dlíthe sin a leanas:

> **Cuireadh cosc ar Chatoiliceach a chreideamh a chleachtadh (gídh go raibh iachall air a bheith i láthair ag seirbhísí adhartha Protastúnacha nó gearrfaí fíneáil air) oideachas a fháil, dul isteach i ngairm, bheith fostaithe in oifig phoiblí, dul i mbun trádála nó tráchtála, agus cosc ar capall de luach ní ba mhó ná cúig phunt, na talamh a bheith aige, ar vótáil, ar chlaíomh a iompar, ar talamh ná aon rud eile a cheannach ná a fháil ó Phrotastúnach, ar talamh a fháil ar chíos a raibh luach air ní ba mhó na 30 scilling in aghaidh na bliana, ná a leanbh a chur fá chúram mhúinteora Chatoilicigh.**

Mhair iarsmaí desna bPéindlíthe go dtí an lá atá inniu ann. Eagras rúnda é, Eagras Ealgais na hÉireann, a bhí gníomhach sa chéad seo caite ag cur bac le díol tailte Anglacánacha le Catoilicigh. Sna Sé Chontae, níor ceadaíodh a gcuid cearta sibhialta (maidir tithíocht, fostaíocht, oideachas agus vótáil) do

Chatoilicigh go dtí le déanaí.

Rinne an cheannaireacht Sacsanach iarrachtaí, sa 16ú agus sa 17 ú aois déag, an daonra Gaelach a dhíothú go mórdhíola agus daonra Protastúnach, dílis, a labhóchadh Béarla, do chur ina áit. Rinneadh go leor 'plandálacha' (daonra nua a lonnú in áit sean-cheann) le neart doirteadh fola. Thosnaíodh ar an bPlandáil i gCúige Mumhan i 1586. Cuireadh chuig an glanadh eitneach (.i. an Phlandáil) i gCúige Uladh go córasach. Tugadh lonnaitheoirí anall ón Albain ó 1606 ar aghaidh. Don chuid ba mhó, ba Cheiltigh ghalldaithe iad – eadar muintir na hísealchríche agus ón dteorainn le Sacsana.

Gídh go raibh na hAlbanaigh athchultúraithe mar Shacsanaigh fá'n am sin, úsáideann siad go fóill nós Gaelach a d'eascraigh chun sloinnte a chruthú – le Nic don mnaoi, **Mac** don bhfear agus don bhfear is don mhnaoi sa bhfoirm ghalldaithe. **Tarlaíonn sé go bhfuil an oidhreacht chéanna ag dúchasaigh is lonnaitheoiri, a dtiocfadh léithi iad a thabhairt le chéile ar mhaithe lena chéile, in am is i dtráth**. Chonaic an Dr Ian Paisley (**Ian Mór**), Ministir Preispitéireach, a chuaigh a dhéag i 2014 (go maithe Dia dhó) go mba cúis síothchána buan í seo.

Ar chaoi amháin nó ar chaoi eile, faoi 1641 bhí céatadán de 59% den talamh go fóill i seilbh na nGael. De thoradh phlandáil Chromail, ámh, thit an céatadán sin go **22%**, faoi 1685. I dteannta le tioncar an Chórais Choiriúla, ritheadh Acht, i 1652, chun mionuaisle Catoiliceacha a díbirt go tailte a craiceadh cheana féin, siar ón tSionainn. Aon duine (ciacu fear no bean nó páiste), nach ndeachaigh leo, 'd'fhéadfadh éinne a bhuail leo iad mharú'. Le dlíthe den tsórt sin agus an tionchar a bhí ag Conradh Luimnigh (a bhain le cogadh idir éiltheóirí iomaíocha Sacsanacha), thit an céatadán arís go **14%** agus, faoi na 1770í, go **5%.** "Cuimhnígí ar Luimneach agus ar fheall na Sasanach" adúradh na daoine.

Chloch an Chonartha, Cathair Luimní

Ó thús an Reifirméisin Shacsanaigh, ritheadh dlíthe a chuir phionós ortha siúd i Sacsain nár ghlac leis an réimeas úr. In Éirinn, díríodh ar Chatoilicigh agus Easaontóiri (don chuid ba mhó) agus ar bhaill Chumann na gCarad. Is grúpa Protastúnach iad Chumann na gCarad, a thuill cáil ar an oileán seo le haghaidh dea-oibreacha (go háirithe le linn an Ghorta Mhóir) agus le haghaidh forbairt eacnamaíochta ghinearálta. I Sacsain, níor cuireadh lán-fhuascailt do Chatoilicigh, Giúdaigh agus Protastúnaigh neamhaontacha i gcrích go lár an 19ú aois.

Mar sin féin, le himeacht aimsire, féachadh ar lonnaitheoirí Preispitéireacha Ultacha, amhail is a gcuid gcomhghlacaithe in Albain, mar bhagairt ar an mbunaíocht Sacsanaigh, agus, mar thoradh ar sin, d'fhulaing siad géarleanúint ar feadh na gcéadta bliain. Bhí aon bhagairt den tsórt sin, ar ndóchaigh, samhlailteach go leor. D'fhág cuid mhaith acu an Eaglais Shasanach Albanach, áfach, go saoithiúil b'fhéidir, toisc nár bhog sí a dhóthain ón gChatoiliceachas. Chuir siad spéis i bPreispitéireachas, ag bunú Eaglais Bhunaithe na hAlban. Dá bhrí sin, léirigh na ranna laistigh den Phrotastúnachas an scoilt a bhí ann ní ba luaithe sa Chríostaíocht ina iomláine. D'eascraigh Preispitéireachas na hAlban ó Chailvíneachas - creideamh fíor-Eorpach. D'fhéadfadh go dtaispeánann sé seo, anois le tamall maith de bhlianta, an cur chuige in Albain fá choinne neamhspleáchas a bhaint amach. Maille le teanga, is

amhlaidh go ndeachaigh an Béarla i gcion go mór ar an Albanais Uladh.

De bharr an Acht Tástála, 1704, bhí leatrom á imirt ar na Preispitéirigh agus na Catoilicigh araon. Deartha go príomha chun an Chatoiliceachas a chiapadh, chuir sé cosc ar Preispitéirigh oifig phoiblí a fháil mura dtógfadh siad comaoin in Eaglais na hÉireann.

Agus na tiarnaí talún Sacsanacha ag tabhairt drochíde do Phreispitéirigh agus an eacnamaíoct ag dul chun donais, ag an am, d'fhág níos mó ná 250,000 d'Albanaigh Uladh an tír, le haghaidh saol nua sa Domhan Úr a bhanit amach. Bhí difríocht ann freisin ina rang sóisialta idir Anglicánaigh agus Phreispitéirigh. As na ranganna ba bhoichte dóibh seo, don chuid ba mhó, agus b'as ranganna a raibh saibhreas agus cumhact acu, dóibh siúd a bhain le hEaglais na hÉireann. Ach bhí i gcónaí ann, Anglicánaigh choinsiasacha, de charachtar láidir agus de cháil dósháirithe, nach raibh i bhfábhar géarleanúinte reiligiúnaighe.

I 1718, scríobh Ardeaspag Prótastúnach, Bhaile Átha Cliath, "go bhfuil na daoine anseo in ainnise an-mhóir, lucht déirce in 'achan áit, ag méadu le haghaidh an lae... Ní itheann leath desna daoine in Éirinn arán ná feoil ar feadh leath den bhliain, ní chaitheann siad bróga ná stocaí; luíonn do chuid bhorraí i Sacsain agus do chuid gamhna in Essex le níos mó compoird agus saol breá acu annsin." Ní mór go raibh coinníollacha ní ba mheasa ann nuair a bhuail gorta (nárbh an Gorta Mhór é), i 1729, tar éis trí bhliain d'fhómhair ghann.



Thomas Leland

Bhreac síos staraithe Próstanacha ónóracha méad an bhrú faoi chois ar na gnáth-dhaoine. In 1774, scríobh **Thomas Leland, Cléireach Protastúnach agus Stairaí**: "B'é an rud a bhí ar intinn ag Gobharnóirí na hÉireann, agus ag Parlaimint na Sacsana, áitritheoirí Catoiliceacha go léir na Éirinn a dhiothú to hiomlán. Bhí a gcuid eastát marcáilte cheana féin agus leithdháilte dá gconcairí; ionas go bhfanfaidís féin agus éinne a thiocfaidh ina ndiaidh, beo bocht. "

Is féidir linn roinnt sonraí faoin scéal a bhaineann le Baile na hAchadh a fheiceáil san áit agus conas a thógfaidh na daoine, arís agus arís eile, struchtúir a léiríos an dóchas atá acu agus a gcuid luachanna Críostaí – go mórmhór gur chóir go bhfaighfadh gach duine Cothrom na Féinne sa tsaol seo.

4] Baile na hAchaidh {'Sé mífhuaimniú Sacsanach den Ghaedhilg a thugas dúinn na logainmneacha (atá gan bhrí i mBéarla), a úsáidtear go forleathan in Éirinn}

Ciallaíonn Achadh **'páirc' nó 'talamh feirme' –** agus baineann an focal níos mo le **Gàidhlig na Alban ná le Gaedhealg na hÉireann** sa lá ata inniu ann**.**

Tógadh sean-eaglais **Chríost an Rí**, taobh leis an **bhfarraige, timcheall ar 1825, mar a thugamar faoi dear [i 3] thuas], bhí sé 80' ar fhad agus 30' ar leithead. Níorbh fhéidir an foirgneamh a chríochnú** go dtí na 1840í, de bharr go raibh na daoine ró-bhocht agus ag fulaingt, ó am go ham, de dheasca ghanntanas bídh. Deirtear, sa bhéaloideas, nár bh'fiú é, dosna Sacsanaigh, na daoine ba bhoichte sa tír a chomhaireamh in aon daonáireamh. D'éirigh leis na daoine seo marachtáil ar réim bídh de phrátaí agus bainne géar agus, gan saoirse nó dínit, ní raibh scéal ní b'fhearr rompu.

Nuair a thug An tAth. Smith cuairt ar Bhaile na hAchadh, i 1889, scríobh sé chuig a Easpag (**i Laidin**, ar ndóchaigh), ag rá go raibh an tséipéal '**sine luce, sine cruce, sine aqua benedicta**'.i. gan solas, gan crois, gan uisce naofa. Mar sin féin, níor tharla sé go dtí blianta fada ina dhiaidh sin go raibh an taobh istigh maisithe agus gur suiteáileadh ann taibearnacal agus solas sanctóra.

Mar sin deirtear go raibh tuairim is **9 milliún** daoine in Éirinn, sular bhuail tubaiste uathbhásach an Ghorta Mhóir iad, i 1845. B'é an dubh ar na prátaí a bhí taobh thiar de. Agus na daoine ag fáil bás de thairbhe ocras agus galar, ghlac na Tiarnaí Talún Protastúnacha (Sacsanacha) leis an ndeis seo chun a gcuid tailte a ghlanadh amach, le haghaidh fiontair ní ba bhrabúsaí, gan á le dian-saothair, amhail le ba ar féarach.

An Sean-eaglais agus an Eaglais Nua ag Baile na hAchadh (Aughoose)

Bhí a dóthain táirgí talmhaíochta in Éirinn le daonra na tire faoi dhó a choimeád beo, ach níor ligeadh dosna boicht ach prátaí a ithe. D'iompaigh Éire arís ina campa báis, leis an aidhm go bhfaighfeadh Éireannaigh bás ann. Nuair a bhfaigheann prátaí an Dubh, éiríonn siad práibeach, tugann siad cothabháil an-bheag agus bíonn boladh bréan uatha. Tá scéal ann ó Ghaillimh, nach bhfuil neamhghnáthach, de theaghlach seachtar daoine, a d'ith féar ar faidh ró-fhada, a luí síos ar urlár cré a **mbotháin**, a bheannaigh oídhche mhaith lena chéile agus nár éirigh arís. Bhí an tráma do dhaonra na hÉireann chomh mór sin gur, ar chúiseanna éagsúla, thit sé go leanúnach ar feadh céad bliain - go díreach os cionn **4m i 1960**. Tá daonra Mhaigh Eo fós ag titim.

Teach Thiarna Talún, Teach Lissadel, Co Sligeach **Teach Thionóntaí, d'éis an cur as Seilbh** **Tionóntaí an Ghorta**

D'fhulaing Protastúnaigh Uladh freisin i rith an Ghorta Mhóir. I dtuaisceart Aontroma, sa Dún agus i mBéal Feirste, bhí **Tithe na mBocht** ag cur thar dóirse, le daoine ag teitheadh ón dteip ar bharr na bprátaí. I seachtain amháin, i mí Feabhra 1847, fuair 95 duine bás i dTeach na mBocht sa Lurgain - suite i gceann desna ceanntair a ba mhó línéadach a tháirgeadh. Bhí na rátaí básmhaireachta ann, i rith 1847, ar na cinn a ba mheasa in Éirinn. Ar na 919 fir, mná agus leanaí, a fuair bás i dTeach na mBocht in Ard Mhacha, i 1847, bhí **55% Protastúnach** (idir Preispitéirigh agus Anglachánaigh).

I 1961, tosnaíodh ar tógáil Shéipéal Chríost an Rí, ar chostas £25,000. Osclaíodh i 1964 é.

5] An Corrán Buí - - An Séipéal nua i nGreanaí

Tá an sean-tséipéal marcáilte ar léarscáil ó 1812. Tráth dá raibh, bhíodh díon tuí air – ach cuireadh díon iarann roctha air ní ba dhéanaí. Bhí altóir adhmaid ann agus ní raibh suíocháin ann: bhí na tógálaithe bocht. Gídh go mba i gceantar an-iargúlta é, bhí sé suite i log - ionas nach spreagfaí na húdaráis Sacsanacha le haire a thabhairt ar an bPobal. Tugtar **Poll an Aifrinn** ar an log. Sa bhliain 1911, bhain gála an díon de, agus do rinneadh damáiste dosna ballai. Go gairid ina dhiaidh sin tógadh séipéal nua i nGreanaí. Tagraíonn an t-ainm seo do nádúr gairbhéil an tír-raoin, é in aice le góilin.

An Corrán Bui – Sean-tséipéal

Séipéal nua i nGreanaí

Sa chuid ba mhó desna háiteanna, ó ionradh Chromail go am na bPéindlíthe (1650-1750), bhí dul ar Aifreann contúirteach. Mar sin féin, d'fhreastail na daoine go rúnda ar an Aifreann Naofa, ag carraig (a dtugadh Carraig an Aifrinn uirthi de ghnáth) rognaithe don chrích sin agus suite as radharc. Ba mhinic a postáileadh fairtheoir chun rabhadh a thabhairt dóibh. [Tá Carraig Aifrinn ar fheirm uncal an Údair seo, in Iarthar Chorcaí.] Nuair a bhí baol mór ann, léadh an t-Aifreann ní hamháin i bhfolach ach istoíche. Úsáideadh Sealgairí Sagart le **sagairt Chatoiliceacha agus Seanmóirí Preispitéireacha** a rianú.

Sa bhliain 1829, chuir an stairi Sacsanach, **John Lingard**, síos ar conas ar bhuaigh Cromail ar chosantoiri Dhroichead Átha, i 1649, tar éis dó trócaire a gheallúint, dá ngéillfeadh an garastún Éireannach: "Bhí an gealltanas (le haghaidh trócaire) a tugadh briste anois agus a luaithe is a bhi deireadh leis an bhfriotaíocht, d'ordaigh sé dá arm ár a dhéanamh ar mhuinntir an bhaile... Ar faidh cúig lá, **rith sráideanna Dhroichead Átha le fuil**; spreagadh díoltas agus fanaiceachas na saighdiúirí: ... thiontaigh siad a gclaíomh in aghaidh na n-áitritheoirí, agus **loscadh míle íospartach** le chéile, nár fhéad éalú, iad laistigh de bhallaí na heaglaise móire ..."

Edward Hyde, 1ú Iarla Clarendon

Arís, i 'Stair an Éirí Amach agus na gCogaí Sibhialta i Sacsain', in 1704, deir **Edward Hyde, 1ú Iarla Clarendon**, i idtaoibh arm na Sacsana ag Droichead Átha "go ndeachaigh sé isteach gan fhriotaíocht ina choinne agus gur cuireadh chun báis le claíomh gach fear, gobharnóir agus saighdiúir Éireannach agus go ndearna said 'chuile sort cruálachta agus gur cuireadh chun báis le claíomh gach saoránach Éireannach

(ciacu fear, bean nó páiste a bhi rompu)". Deir na cuntais choiteann go ndearna Cromail é féin sibhialtaigh, cuachta i gceann a chéile, a mharú lena chlaíomh i láimh amháin, an Bíobla sa láimh eile.

Léiríonn úsáid an fhocail 'séipéal' seachas 'eaglais' i nGaeilge agus i gcaint na ndaoine sa Phríomhchathair, na srianta a chuir an Chumhacht Choilíneach ar Chaitliceachas. Mar a chonaiceamar, úsáideadh an reiligiún in Éirinn mar uirlis ansmachta coilínigh ag daoine radacacha, ní le haghaidh naomhachta. Fiú amháin sa lá atá inniu ann, ní thuigeann cuid mhaith den phobal reiligiún ar scor ar bith: úsáidtear sluáin in ionad ealaín an smaoinimh, is cosúil, ag gach leibhéal den tsochaí.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar an bpictiúr mór ar aon nós. Rinne na Normannaigh ionradh i 1172 AD. Mar a rinne siad sa Fhrainc, d'fhoghlaim siad conas marachtáil le Ceiltigh. Toghadh an Béarla in ionad na Fraincise mar theanga na Cúirte, i Londain, i 1731. Thosaigh an t-Sibhialtacht Gaelach (nó an tOrd Gaelach) ag géilleadh i lár an 17ú aois: bhí an cultúr nua Sacsanach ina dhúshlán, ag éirí ní ba mheasa diaidh ar ndiaidh, fiú dosna sean-teaghlaigh Franc-Normánacha. Bhí meascán de thionchair Shacsanach agus Frainncach in Éirinn.

Faoi na brúnna uathbhásacha a bhainn le forghabháil, ar a n-áirítear galar, ocras, sclábhaíocht agus, arís agus arís eile, laghduithe domhain sa daonra, níorbh fhéidir go gcuirfí mallú ar athchultúrú na hÉireann. Is í an stair is brónaighe atá ag aon náisiún, a bhfuil a scéal scríofa síos, an stair seo ‘gainnne. Go dtuige sibh ár gcuid cuimhní cinn, taiscí iongantacha, go gcuire sibh i gcás an t-am nuair a shiúil muid tré thíortha na hEorpa, cairde le hArd agus le hÍseal. Ó nuair a d'oibrigh muid le chéile leobhtha san, le haghaidh foghlama agus rathúnais, ar fud na Mór-Roinne. Agus nach cúis aiféala í, a laghad de dhaoine a bhfuil an scéal Gaelach ar eolas acu - fiú inár dtír féin.

6] Gleann na Muaidhe (na Maighe)

Tiomnaithe do N. Pól, leagadh síos **bunchloch na heaglaise i nGleann na Muaidhe** i mí Lúnasa, 1935. D'oscailíodh agus beannaíodh an foirgneamh i Meitheamh 1936. Roimhe seo, léadh an t-Aifreann Naofa sa Seanscoil in aice láimhe.

Is baile i bParóiste Chill Chomáin é Gleann na Muaidhe. Chomh maith leis seo, clúdaíonn an Paróiste naoi gceann desna bailte fearainn máguaird. Sa limistéar iargúlta seo, tá bratphortaigh (.i. móinchríocha) móra, fairsinge. Ciallaíonn se seo go bhfuil báisteach ard agus leibhéal íseal evapotranspiration, rud a fhéachann chuige gur féidir le móin a fhás, ní hamháin i loig fhliucha ach i gceanntair mhóra, fhairsinge droimneacha.

7] Ceathrú Thaidhg {áit chónaithe na clainne Mhic Taidhg (filí sa tsean-am do Ríthe Chonnachta)}

Tá muinntir Cheathrú Thaidhg agus na gceantar máguaird réidh chun fáiltiú rómhaibh ina dtithe féin. Seo an chéad

uair, le **ceithre chéad bliain**, nuair a tháinig daoine Gaelacha agus Gearmáineacha le chéile arís chun sean-nascanna a cheiliúradh agus féachaint chuig cinn nua.

Is cosúil go bhféachann an eaglais i gCeathrú Thaidhg mar aon ceann eile sa Schäbische Alb. Mar sin féin, tá an foirgneamh seo, i ndáiríre, ar imeall phortaigh mhóir. Glacadh an grianghraf sa gheimhreadh.

Teach a' Phobail

Is léir gur focal Ceilteach é 'Alb': ciallaíonn Ailp 'sliabh' i nGaeilge. Osclaíodh Eaglais Mhuire gan Smál, go hoifigiúil, i 1974. Roimhe seo, léadh an t-Aifreann go háitiúil sa t-Seanscoil agus ní ba dhéanaí i Halla Garvin.

Tá nasc cultúrtha iontach againn leis an Schwäbische Alb. Mar is eol díbh, tá Heidengraben - nó Uaigheanna an Fhéaraigh - ar ardchlár na sléibhe seo. Clúdaíonn siad seo fothracha Ceilteacha ón Iarnaois - Oppidum a thug na Rómhánaigh ar lonnaíocht daingnithe den chineál seo. Tá an láithreán i bardais Grabenstetten, Hülben agus Erkenbrechtsweiler i gceantair Reutlingen agus Esslingen, i dtír Baden-Württemberg. Is é an Oppidum seo an ceann is mó atá fágtha i mórthír na hEorpa.

Bí cinnte go spreagfaidh an-athnuachan le chéile ár sean-idirghabháil agus tuiscint ar na hiontais idir ár dteangacha - difriúla ach nasctha. Tá an t-oiread sin logainmneacha Ceilteacha sa Ghearmáin a léiríos an idirghníomhaíocht san am ‘schuaigh thart. Bhí thart ar 3,000 bliain staire le chéile againn. Beidh ár leithéidí ann arís!

https://books.google.ie/books?id=yGuuCwAAQBAJ&pg=PA204&dq=England+did+not+conform+to+anglicanism,+were+passed.++Catholics,+Jews,+Dissenters&hl=en&sa=X&ved=0ahUKEwiBkpe0iJvUAhWhLcAKHcXxDxcQ6AEIKDAB#v=onepage&q=England did not conform to anglicanism%2C were passed. Catholics%2C Jews%2C Dissenters&f=false

http://www.irishhistorylinks.net/Historical_Documents/MemoirNativeSaxon.htm l

http://www-personal.ksu.edu/~lyman/english320/sg-Swift-18thC.htm

http://www.libraryireland.com/annals-famine-ireland/quakers-during-the-irish-famine.php

http://ulsterscotstrail.com/taxonomy/term/3

https://www.facebook.com/IrishFamineEviction/photos/a.1872865132962692.1073741828.1868782860037586/1886294988286373/?type=3&theater